

Aguisín A: Gluais Téarmaí Eacnamaíochta Baile

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhíneáil na téarmaí agus a n-úsáidtear iad a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|--|---|
| Próiseas na treorach le haghaidh dearadh | Úsáidtear treoir oscailte chun breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais taisc áirithe. Bheadh an treoir rialta agus machnamhach go hidéalach agus d'fhéadfadh go mbeadh na céimeanna seo a leanas i gceist: an fhadhb/tasc a shainmhíniú; iniúchadh/taighde; smaointe a ghiniúint; réitigh fhéideartha a fhorbairt; smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais; an dearadh a bheachtú; an táirge a dhéanamh; measúnú. |
| Tuiscint ar bhia | Baineann tuiscint ar bhia leis an eolas, na scileanna, na dearcaí agus an iompraíocht idirghaolmhar a theastaíonn chun bia a phleanáil, a ullmhú agus a chócaráil. |
| Fadhbanna Praiticiúla Rialta | Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh, go háitiúil agus go domhanda, a dteastaíonn gníomh machnamhach agus scileanna cinnteoireachta criticiúla agus léiritheacha chun iad a réiteach. |
| Cur Chuige Bunaithe ar Chórais | I gcur chuige bunaithe ar chórais scrúdaítear idirghaolmhaireacht na gcomhthéacsanna seachas aon staid amháin a scrúdú ann féin. Cuimhnítear ar chomhthéacsanna iolracha a mbíonn tionchar acu ar chastacht an tsaoil agus ar shaol an teaghlaigh san aonú haois is fiche. |
| Scileanna cócaireachta | Is éard atá i gceist le scileanna cócaireachta ná na scileanna agus an t-eolas chun béile/táirge a phleanáil, a ullmhú, a chur i gcrích agus a mheas a chur i bhfeidhm |
| Galair a bhaineann le haiste bia | Is ionann galair a bhaineann le haiste bia (nó galair ainsealacha a bhaineann le cothú bia) agus galair a thagann chun cinn mar gheall ar aiste bia nach réitíonn le moltaí cothaithe forleathana. Is samplaí de ghalair ainsealacha iad murtall, diaibéiteas, galar cardashoithíoch, oistéapóróis agus galar fiacra. |
| Riachtanas speisialta cothaithe | Cé nach bhfuil sainmhíniú cinnte ann, d'fhéadfaí a rá gur daoine a bhfuil 'riachtanas speisialta cothaithe' acu iad na daoine a dtugtar comhairle dóibh nó a |

| | |
|--|---|
| | <p>roghnaíonn gan glacadh le moltaí cothaithe forleathana. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar chúiseanna leighis (m.sh. galar céiliach, ailléirgí bia, éadulaingt ar bhia, galar putóige athlastaí) nó ar chúiseanna nach mbaineann le leigheas (m.sh. aistí bia veigeatóracha, cúiseanna reiligiúnacha nó cultúrtha).</p> |
|--|---|